



Cuirtear **50%**
den sailéad a
cheannaímid amú



Ní úsáidtear **10%**
de na táirgí bainne,
iógairt agus
déiríochta





An raibh a fhios agat?




Cuirtear **20%** de
na nithe aráin agus
báicéireachta amú




Ní itear **10%**
den fheoil agus
den iasc a
cheannaítear





Dramhbhia & Muid




In Éirinn, cuirtear os cionn milliún tonna bia amú gach bliain.



Inár dtithe féin a tharlaíonn aon trian den mhéid sin.



Is fiú idir €400 agus €1,000 in aghaidh na bliana an méid a chuireann gnáth-theaghlach in Éirinn amú.




Bíonn tionchar mór ag an dramhail sin ar ár gcomhshaol, go háirithe na himpleachtaí don Athrú Aeráide.



Cruthaítear gáis cheaptha teasa diobhálacha ag próisis a bhaineann le bia a tháirgeadh, a iompar, a chur i gcuiseoirí, agus a dháileadh.




Scaoiltear gáis cheaptha teasa ag bia nach n-ítear agus a chuirtear chuig líonadh talún chomh maith.



Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) gur dócha nach mbeidh Éire in ann a spriocanna a bhaint amach ó thaobh astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 2020.



Is spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a comhaontáíodh leis an Aontas Eorpach iad na spriocanna sin.




Is dócha go ngearrfar fineálacha móra ar Éirinn as gan iad a chomhlíonadh.

Guimhnigh na cúig chéim don Dramhbhia




DIÚLTAIGH

Ná tóg ach an méid a bhfuil tú cinnte a íosfaidh tú




LAGHDAIGH

Ná ceannaigh ach a bhfuil uait agus déan monatóireacht ar do dhramhaíl



ATHÚSÁID

Iarr 'mála an mhadra' agus stóráil fuílleach bia le sult a bhaint as an chéad lá eile




ATHCHÚRSÁIL

Réitigh rud éigin nua as fuílleach bia



LOBHADH

Déan múirín de do dhramhbhia nó cinntigh go dtéann sé sa bhosca bruscair donn



An bhfuil aon duine in acmhainn an méid seo a chur amú?



Is €12.50 ar an meán a chosnódh sé na nithe sin thuas a
cheannach. Dá mbeadh tú ag caitheamh an méid sin
beatha amach gach uile seachtain, chosnódh sé €650
in aghaidh na bliana.

Tá níos mó ná bia atá curtha amú i gceist le dramhaíl bia



**Is tusa is cúis le
dramhaíl bia agus
is tusa atá in
ann deireadh
a chur léi**

